

Eleathanach221

Dé Luain 11 Eanáir 2016



**Athbhliain faoi mhaise!
2016**



Seo iad na moltóirí ar an gclár.

The Voice of Ireland

Tá an clár *The Voice of Ireland* ar ais! Bíonn an clár ar siúl gach Domhnach. Is iad Úna Foden, Bressie, Rachel Stevens agus Kian Egan na moltóirí ar an gclár.

Chan Pauric O'Meara an t-amhrán *Maniac*. Tá Pauric 21 bliain d'aois. Bhí sé an-mhaithe. Chas gach moltóir timpeall! Is as Co. Thiobraid Árann Pauric. Roghnaigh Pauric Bressie agus bhí an-áthas air!

Sa Ríocht Aontaithe chan Áine Carroll ar *The Voice UK*. Is iad Boy George, Paloma Faith, Will-I-Am agus Ricky Wilson na moltóirí. Chas Boy George, Paloma Faith agus Ricky Wilson timpeall. Beidh Áine ar fhoireann Ricky. Tá sí 6 bliana déag d'aois agus is as Corcaigh í. Go n-éirí leat, a Áine!

David Bowie

Fuair David Bowie bás Dé Domhnaigh. Bhí ailse air. Bhí sé 69 bliain d'aois. Rugadh é i Brixton, i Londain sa bhliain 1947.

Chan David Bowie a lán amhrán cosúil le *Let's Dance*, *Space Oddity*, *Starman*, *Modern Love*, *Heroes*, *Under Pressure*, *Rebel, Rebel* agus *Life on Mars*.

Bhí an-cháil air. Bhí cónaí air i Nua-Eabhrac. Chuir sé a albam *Blackstar* amach Dé hAoine seo caite. Tá 7 n-amhrán ar an albam.

Tá brón ar a lán daoine anois. Dúirt an ceoltóir rap Kanye West faoi David Bowie: "*David Bowie was one of my most important inspirations, so fearless, so creative, he gave us magic for a lifetime.*"



Golden Globes

Bhí na Golden Globes ar siúl oíche Dhomhnaigh. Níor bhuaigh Saoirse Ronan, Michael Fassbender nó Caitríona Balfe aon duais.

Bhuaigh Leonardo DiCaprio agus Jennifer Lawrence an duais don aisteoir is fearr. Bhí Leonardo sa scannán *The Revenant* agus bhí Jennifer Lawrence sa scannán *Joy*. Seo an tríú duais atá buaite ag Leonardo agus ag Jennifer sna Golden Globes.

